
# Tuarascáil Riosca Oifige – Bealtaine 2021

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar 'theasléaráid déine' riosca. Is iad sin na rioscaí 'iarmharacha', agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar 'ard' tugtha sa roinn 'conclúidí'.




| | Rangú | Riosca |
|---|---|---|
| ARD | 1 | An baol nach ndéanfar an t-athrú chuig timpeallacht oibre cumaisc a bhainistiú go leordhóthanach |
| MEÁNACH | 2 | D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí a éascú |
| | 3 | Sláinte agus sábháilteacht foirne mar gheall ar obair ón mbaile thar thréimhse fhada agus riachtanais níos casta |
| | 4 | D'fhéadfadh iompar míréasúnta gearánach tionchar diúltach a imirt ar an bhfoireann agus ar an lucht bainistíochta |
| | 5 | D'fhéadfadh sé nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht foirne mar gheall ar phróisis |
| | 6 | Coinneáil agus eisiúint mhíchuí sonraí |
| | 7 | D'fhéadfadh páirtithe leasmhara seachtracha féachaint ar spriocanna deimhniúcháin iniúchóireachta mar spriocanna nach gcomhlíonann a riachtanais |
| | 8 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| | 9 | Nochtaí a rinneadh leis an Oifig nár tugadh freagra cuí orthu |
| | 10 | Neamhchomhlíonadh ceanglas rialála (corparáideach) |

## Conclúidí ó RMC

Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca. Bhreithnigh sé rioscaí atá ag teacht chun cinn freisin. Thug sé dá aire nár tuairiscíodh aon rioscaí ar chóras tuairiscithe riosca na hOifige.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí na Bealtaine 2021 go bhfuil athrú tagtha ar an riosca a luadh roimhe seo maidir le *caolú cultúir Oifige mar gheall ar athruithe sa timpeallacht oibre* agus go mbaineann sé anois leis *an mbaol nach ndéanfar an t-athrú chuig timpeallacht oibre cumaisc a bhainistiú go leordhóthanach*. Measann RMC freisin gur riosca ardleibhéil don Oifig é sin anois. Tá leasú déanta ar an riosca *go bhféadfadh sé nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht foirne mar gheall ar phróisis agus ar leibhéal na mball foirne ar bheagán taithí* chun deireadh a chur leis an tagairt do bhaill foirne ar bheagán taithí. Laghdaíodh an riosca sin ina riosca meánach ós rud é gurb é 3% an iomlaoid foirne go dtí seo.

Measann RMC gur riosca nua atá taifeadta ar leibhéal meánach tionchair é an riosca go *bhféadfadh iompar míréasúnta gearánach tionchar diúltach a imirt ar an bhfoireann agus ar an lucht bainistíochta*. D'athraigh RMC an riosca a bhaineann le *heisiúint neamhdhleathach sonraí* ina riosca a bhaineann le c*oinneáil agus eisiúint mhíchuí sonraí* freisin. Maidir leis an riosca a bhí i measc na ndeich riosca is mó roimhe seo á rá go *bhfágann droch-chumarsáid le cliaint go gcailltear muinín as an Oifig agus/nó go mainníonn sí a haschuir bheartaithe a sholáthar go tráthúil,* ní mheasann RMC go bhfuil sé i measc na ndeich riosca is mó atá roimh an Oifig a thuilleadh.